**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 22 Márta 2023 – Coinbase v EUIPO – bitFlyer (coinbase)**

**(Cás T-366/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Focalmharc "coinbase" – Dearbhfhorais neamhbhailíochta – Meoin mímhacánta – Airteagal 52(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2023/C 179/40)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Coinbase, Inc. (Oakland, California, Stáit Aontaithe) (ionadaí: A. Nordemann, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: E. Markakis, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna hmeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* bitFlyer Inc. (Tóiceo, an tSeapáin)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 29 Aibreán 2021 (Cás R 1751/2020-4) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 29 Aibreán 2021 (Cás R 1751/2020-4) ar neamhní;

2. Ordaítear do EUIPO na costais a íoc.

---

(1) IO C 338, 23.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Márta 2023 – ZR v EUIPO**

**(Cás T-400/21)** [1]

***(Státseirbhís – Oifigigh – Fógra folúntais – Iarratas ar aistriú idirinstitiúideach – An chéad mhír d'Airteagal 8 de na Rialacháin Foirne – Aistriú a dhiúltú – Ord fiúntas – Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne – Cóir chomhionann – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Dualgas cúraim – Ceartúchán)***

(2023/C 179/41)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ZR (ionadaithe: S. Rodrigues agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: G. Predonzani agus K. Tóth, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí cinneadh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 8 Meán Fómhair 2020 lena ndiúltaítear dá hiarratas ar aistriú chuig EUIPO, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.